CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/941 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Bealtaine 2023

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) I gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún ([3]), iarrann an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, dhréachtaigh CEN roinnt caighdeán nua agus rinne sé athbhreithniú ar roinnt caighdeán comhchuibhithe a bhí ann cheana.

(4) Ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN 13138-1:2021 maidir le ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála i gcomhair áiseanna snámhacha le haghaidh treoracha snámha, arna cheartú le EN 13138-1:2021/AC:2022, EN 17520:2021 maidir le ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála le haghaidh láinnéir cheangail phearsanta, agus EN ISO 16321-2:2021 maidir le ceanglais bhreise i ndáil le cosaint súl agus aghaidhe a úsáidtear le linn táthaithe agus teicnící gaolmhara chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425.

(5) Ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 166:2001, EN 169:2002, EN 170:2002, EN 171:2002, EN 172:1994 arna leasú le EN 172:1994/A1:2000 agus EN 172:1994/A2:2001, EN 174:2001, EN 379:2003+A1:2009, EN 1731:2006 agus EN ISO 20345:2011. Is é an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 16321-1:2022 i ndáil le ceanglais ghinearálta maidir le cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde, EN ISO 16321-3:2022 maidir le ceanglais bhreise le haghaidh cosaintí mogalra súl agus aghaidhe, EN ISO 18527-1:2022 maidir le ceanglais le haghaidh gloiní cosanta sciála le fána agus clársciála agus EN ISO 20345:2022 maidir le coisbheart sábháilteachta.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(6) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN a dhréachtú agus a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN chun féachaint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924.

(7) Na caighdeáin chomhchuibhithe EN 13138-1:2021, arna gceartú le EN 1318-1:2021/AC:2022, EN ISO 16321-1:2022, EN ISO 16321-2:2021, EN ISO 16321-3:2022, EN 17520:2021, EN ISO 18527-1:2022 agus EN ISO 20345:2022, comhlíonann siad na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Tagraíonn caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 16321-2:2021 agus EN ISO 16321-3:2022 do chaighdeán tagartha normatach EN ISO 16321-1:2020, caighdeán a bhfuil a dháta mícheart. Dá bhrí sin, ba cheart na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 166:2001, EN 169:2002, EN 170:2002, EN 172:1994 arna leasú le EN 172:1994/A1:2000, agus EN 172:1994/A2:2001, EN 174:2001, EN 379:2003+A1:2009, EN 1731:2006 agus EN ISO 20345:2011 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin.

(10) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, leagtar amach iad faoi láthair i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ón gCoimisiún ([4]) agus i dTeachtaireacht 2018/C 209/03 ón gCoimisiún ([5]).

(11) Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, agus ós rud é gur gá leasú breise a dhéanamh ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú.

(12) Tarraingíodh siar go leor de na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i dTeachtaireacht 2018/C 209/03 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, déantar foráil maidir le tarraingt siar na dtagairtí atá fágtha do na caighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh leis an Teachtaireacht sin. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, ba cheart Teachtaireacht 2018/C 209/03 a aisghairm. Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a gcuid táirgí a oiriúnú do na leaganacha athbhreithnithe de na caighdeáin lena mbaineann, ba cheart go leanfadh Teachtaireacht 2018/C 209/03 d'fheidhm a bheith aici go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann a foilsíodh leis an Teachtaireacht sin.

(13) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin ar chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 a dréachtaíodh iad, arb in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo a liostaítear iad, déantar na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2020 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 156, 19.5.2020, lch. 13).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún 2018/C 209/03 faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta, agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO C 209, 15.6.2018, lch. 17).

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668.

Airteagal 3

Aisghairtear Teachtaireacht 2018/C 209/03.

Beidh feidhm aici go fóill, áfach, i leith na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 136:1998 Feistí cosanta riospráide - Maisc aghaidhe iomláine - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 136:1998/AC:2003
2.	EN 137:2006 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe aeir chomhbhrúite ciorcaid oscailte féinchuimsitheach ag a bhfuil masc aghaidhe iomláine - Ceanglais, tástáil, marcáil
3.	EN 140:1998 Feistí cosanta riospráide - Maisc leathaghaidhe agus maisc cheathrú-aghaidhe - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 140:1998/AC:1999
4.	EN 142:2002 Feistí cosanta riospráide - Cóimeálacha béalóige - Ceanglais, tástáil, marcáil
5.	EN 143:2021 Feistí cosanta riospráide - Scagairí cáithníní - Ceanglais, tástáil, marcáil
6.	EN 144-1:2000 Feistí cosanta riospráide - Comhlaí sorcóra gáis - Cuid 1: Naisc snáithe le haghaidh nascóir ionsáiteáin EN 144-1:2000/A1:2003 EN 144-1:2000/A2:2005
7.	EN 144-2:1998 Feistí cosanta riospráide - Comhlaí sorcóra gáis - Cuid 2: Naisc asraoin
8.	EN 144-3:2003 Feistí cosanta riospráide - Comhlaí sorcóra gáis - Cuid 3: Naisc asraoin le haghaidh gáis tumadóireachta Nitrox agus ocsaigin EN 144-3:2003/AC:2003
9.	EN 145:1997 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe ciorcaid iata féinchuimsitheach den chineál ocsaigine comhbhrúite nó ocsaigine-nítrigine comhbhrúite - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 145:1997/A1:2000
10.	EN 148-1:1999 Feistí cosanta riospráide - Snáitheanna le haghaidh análaitheoirí - Cuid 1: Nasc snáithe caighdeánach
11.	EN 148-2:1999 Feistí cosanta riospráide - Snáitheanna le haghaidh análaitheoirí - Cuid 2: Nasc snáithe lárnach

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
12.	EN 148-3:1999 Feistí cosanta riospráide - Snáitheanna le haghaidh análaitheoirí - Cuid 3: Nasc snáithe M 45 x 3
13.	EN 149:2001+A1:2009 Feistí cosanta riospráide - Maisc leathaghaidhe scagtha chun cosaint ar cháithníní - Ceanglais, tástáil, marcáil
14.	EN 175:1997 Cosaint phearsanta - Trealamh le haghaidh cosaint súl agus aghaidhe le linn táthaithe agus próisis ghaolmhara
15.	EN 207:2017 Trealamh cosanta súl pearsanta - Scagairí agus cosantóirí súl in aghaidh radaíocht léasair (cosantóirí súl léasair)
16.	EN 208:2009 Cosaint súl phearsanta - Cosantóirí súl a úsáidtear chun léasair agus córais léasair a choigeartú (cosantóirí súl coigeartaithe léasair)
17.	EN 250:2014 Trealamh riospráide - Gaireas tumadóireachta aeir chomhbhrúite féinchuimsitheach ciorcaid oscailte - Ceanglais, tástáil, marcáil
18.	EN 342:2017 Éadaí cosanta - *Ensembles* agus baill éadaigh le haghaidh cosaint ar an bhfuacht
19.	EN 343:2019 Éadaí cosanta - Cosaint ar an mbáisteach
20.	EN 352-1:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 1: Cosaintí cluas Fógra: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.
21.	EN 352-2:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 2: Plugaí cluaise Fógra: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.
22.	EN 352-3:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 3: Cosaintí cluas agus iad ceangailte d'fheistí cosanta cloiginn agus/nó d'fheistí cosanta aghaidhe Fógra: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
23.	EN 352-4:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 4: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime
24.	EN 352-5:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 5: Cosaintí cluas um laghdú gníomhach torann
25.	EN 352-6:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 6: Cosaintí cluas maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht
26.	EN 352-7:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 7: Plugaí cluaise a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime
27.	EN 352-8:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 8: Cosaintí cluas siamsaíochta
28.	EN 352-9:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 9: Plugaí cluaise maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht
29.	EN 352-10:2020 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 10: Plugaí cluaise ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta
30.	EN 353-1:2014+A1:2017 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Coscairí titime de chineál treoraithe ina n-áirítear téad ancaire - Cuid 1: Coscairí titime de chineál treoraithe ina n-áirítear téad ancaire dhocht
31.	EN 353-2:2002 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Cuid 2: Coscairí titime de chineál treoraithe ina n-áirítear téad ancaire sholúbtha
32.	EN 354:2010 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Láinnéir
33.	EN 355:2002 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Ionsúirí fuinnimh
34.	EN 358:2018 Trealamh cosanta pearsanta le haghaidh suigh ag an obair agus lena ndéantar titim anuas ó airde a chosc - Criosanna agus láinnéir le haghaidh suigh ag an obair nó srianadh
35.	EN 360:2002 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Coscairí titime den chineál in-aistarraingthe
36.	EN 361:2002 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Úmacha iomlán an choirp

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
37.	EN 362:2004 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Nascóirí
38.	EN 365:2004 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde - Ceanglais ghinearálta maidir le treoracha i ndáil le húsáid, coinneáil ar bun, scrúdú tréimhsiúil, deisiú, marcáil agus pacáistiú EN 365:2004/AC:2006
39.	EN ISO 374-1:2016 Lámhainní cosanta ar cheimiceáin chontúirteacha agus ar mhiocrorgánaigh - Cuid 1: Ceanglais téarmaíochta agus feidhmíochta maidir le rioscaí ceimiceacha (ISO 374-1:2016)
40.	EN ISO 374-5:2016 Lámhainní cosanta ar cheimiceáin chontúirteacha agus ar mhiocrorgánaigh - Cuid 5: Ceanglais téarmaíochta agus feidhmíochta maidir le rioscaí i ndáil le miocrorgánaigh (ISO 374-5:2016)
41.	EN 388:2016+A1:2018 Lámhainní cosanta ar rioscaí meicniúla
42.	EN 397:2012+A1:2012 Clogaid sábháilteachta thionsclaíocha
43.	EN 402:2003 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe aeir chomhbhrúite ciorcaid oscailte féinchuimsitheach éilimh ag a bhfuil masc aghaidhe iomláine nó cóimeáil bhéalóige le haghaidh éalú - Ceanglais, tástáil, marcáil
44.	EN 403:2004 Feistí cosanta riospráide le haghaidh féintarrthála - Feistí scagtha ag a bhfuil cochall chun éalú ó dhóiteán - Ceanglais, tástáil, marcáil
45.	EN 404:2005 Feistí cosanta riospráide le haghaidh féintarrthála - Scagaire féintarrthála ó aonocsaíd charbóin ag a bhfuil cóimeáil bhéalóige
46.	EN 405:2001+A1:2009 Feistí cosanta riospráide - Maisc leathaghaidhe scagtha a bhfuil comhla orthu chun cosaint ar gháis nó ar ghás agus cáithníní - Ceanglais, tástáil, marcáil
47.	EN 407:2004 Lámhainní cosanta ar rioscaí teirmeacha (idir rioscaí teasa agus/nó rioscaí dóiteáin)
48.	EN 420:2003+A1:2009 Lámhainní cosanta - Ceanglais ghinearálta agus modhanna tástála
49.	EN 421:2010 Lámhainní cosanta ar radaíocht ianúcháin agus éilliú radaighníomhach
50.	EN 443:2008 Clogaid le haghaidh comhrac dóiteáin i bhfoirgnimh agus i struchtúir eile

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
51.	EN 469:2020 Éadaí cosanta le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin - Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta le haghaidh gníomhaíochtaí comhraic dóiteáin
52.	EN 510:2019 Sonraíocht le haghaidh éadaí cosanta lena n-úsáid i gcás ina bhfuil riosca ann go dtarraingeofaí duine isteach i bpáirteanna gluaisteacha
53.	EN 511:2006 Lámhainní cosanta ar an bhfuacht
54.	EN 564:2014 Trealamh sléibhteoireachta - Corda cúnta - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
55.	EN 565:2017 Trealamh sléibhteoireachta - Téip - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
56.	EN 566:2017 Trealamh sléibhteoireachta - Lúba téipe - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
57.	EN 567:2013 Trealamh sléibhteoireachta - Clampaí téide - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
58.	EN 568:2015 Trealamh sléibhteoireachta - Ancairí oighir - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
59.	EN 569:2007 Trealamh sléibhteoireachta - Piotóin - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
60.	EN 659:2003+A1:2008 Lámhainní cosanta le haghaidh comhraiceoirí dóiteán EN 659:2003+A1:2008/AC:2009
61.	EN 795:2012 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Gairis ancaire Rabhadh: Ní bhaineann an foilseachán seo leis an trealamh a dtugtar tuairisc air sna clásail seo a leanas: — cineál A (feistí ancaire ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na pointí ancaire seasta agus an gá atá le hancairí struchtúracha nó eilimintí suí chun an struchtúr a shuí) dá dtagraítear i gclásail 3.2.1, 4.4.1, 5.3; — cineál C (feistí ancaire ina n-úsáidtear línte ancaire solúbtha cothrománacha) dá dtagraítear i gclásail 3.2.3, 4.4.3 agus 5.5; — cineál D (feistí ancaire ina n-úsáidtear línte ancaire dochta cothrománacha) dá dtagraítear i gclásail 3.2.4, 4.4.4 agus 5.6; — aon teaglaim díobh sin thuasluaite. Maidir le cineálacha A, C agus D, ní bhaineann an foilseachán seo le ceachtar clásal: 4.5, 5.2.2, 6, 7; Iarscríbhinn A nó Iarscríbhinn ZA. Dá réir sin, maidir leis an trealamh thuasluaite, ní bheidh aon toimhde chomhréireachta le forálacha Rialachán (AE) 2016/425 ann mar nach meastar gur trealamh cosanta pearsanta é.

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
62.	EN 812:2012 Caipíní tuairte tionsclaíocha
63.	EN 813:2008 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Úmacha suite
64.	EN 893:2019 Trealamh sléibhteoireachta - Crampóin - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
65.	EN 943-1:2015+A1:2019 Éadaí cosanta ar cheimiceáin sholadacha, leachtacha agus ghásacha chontúirteacha, lena n-áirítear aerasóil leachtacha agus sholadacha - Cuid 1: Ceanglais feidhmíochta le haghaidh cultacha cosanta ceimiceacha Chineál 1 (gásobach)
66.	EN 943-2:2019 Éadaí cosanta ar cheimiceáin sholadacha, leachtacha agus ghásacha chontúirteacha, lena n-áirítear aerasóil leachtacha agus sholadacha - Cuid 2: Ceanglais feidhmíochta le haghaidh cultacha cosanta Chineál 1 (gásobach) le haghaidh foirne éigeandála
67.	EN 958:2017 Trealamh sléibhteoireachta - Córais ionsúite fuinnimh le húsáid i ndreapadóireacht *klettersteig* (*via ferrata*) - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
68.	EN 966:2012+A1:2012 Clogaid le haghaidh spóirt aeriompartha
69.	EN 1073-1:2016+A1:2018 Éadaí cosanta ar cháithníní aeriompartha lena n-áirítear éilliú radaighníomhach - Cuid 1: Ceanglais agus modhanna tástála maidir le héadaí cosanta aeráilte líne aeir chomhbhrúite, lena gcosnaítear an corp agus an chonair riospráide
70.	EN 1073-2:2002 Éadaí cosanta ar éilliú radaighníomhach - Cuid 2: Ceanglais agus modhanna tástála maidir le héadaí cosanta neamhaeráilte ar éilliú radaighníomhach cáithníneach
71.	EN 1077:2007 Clogaid le haghaidh sciálaithe agus clársciálaithe Alpacha
72.	EN 1078:2012+A1:2012 Clogaid le haghaidh rothaithe agus úsáideoirí clár scátála agus scátaí rollála
73.	EN 1080:2013 Clogaid chosanta ar thuairt le haghaidh leanaí óga
74.	EN 1082-1:1996 Éadaí cosanta - Lámhainní agus gardaí láimhe a chosnaíonn ar ghearrthacha agus ar sháite a dhéanann sceana láimhe - Cuid 1: Lámhainní agus gardaí láimhe mháille na lúb

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
75.	EN 1082-2:2000 Éadaí cosanta - Lámhainní agus gardaí láimhe a chosnaíonn ar ghearrthacha agus ar sháite a dhéanann sceana láimhe - Cuid 2: Lámhainní agus gardaí láimhe atá déanta as ábhar seachas máille na lúb
76.	EN 1146:2005 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe aeir chomhbhrúite ciorcaid oscailte féinchuimsitheach agus cochall air le haghaidh éalú - Ceanglais, tástáil, marcáil
77.	EN 1149-5:2018 Éadaí cosanta - Airíonna leictreastatacha - Cuid 5: Ceanglais maidir le feidhmíocht agus dearadh ábhair
78.	EN 1385:2012 Clogaid le haghaidh canúála agus spóirt bhánuisce
79.	EN 1486:2007 Éadaí cosanta le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin - Modhanna tástála agus ceanglais maidir le héadaí frithchaiteacha le haghaidh comhrac dóiteáin speisialaithe
80.	EN 1497:2007 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Úmacha tarrthála
81.	EN 1827:1999+A1:2009 Feistí cosanta riospráide - Maisc leathaghaidhe gan comhlaí ionanálaithe agus ag a bhfuil scagairí indeighilte chun cosaint a thabhairt ar gháis nó ar gháis agus cáithníní nó ar cháithníní amháin - Ceanglais, tástáil, marcáil
82.	EN 1891:1998 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim anuas ó airde a chosc - Rópaí bréadaithe truaille ísealsínidh
83.	EN 1938:2010 Cosaint súl phearsanta - Gloiní le haghaidh úsáideoirí gluaisrothair agus móipéide
84.	EN ISO 10819:2013 Creathadh meicniúil agus turraing mheicniúil - Creathadh láimhe - Tomhas agus meastóireacht ar tharchur creathaidh lámhainní ag bos na láimhe (ISO 10819:2013) EN ISO 10819:2013/A1:2019
85.	EN ISO 10862:2009 Árthach beag - Córas mearscaoilte le haghaidh úim traipéise (ISO 10862:2009)
86.	EN ISO 11393-2:2019 Éadaí cosanta le haghaidh úsáideoirí sábh slabhrach láimhe - Cuid 2: Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh cosantóirí géag coise (ISO 11393-2:2018)
87.	EN ISO 11393-4:2019 Éadaí cosanta le haghaidh úsáideoirí sábh slabhrach láimhe - Cuid 4: Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh lámhainní cosanta (ISO 11393-4:2018)

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
88.	EN ISO 11393-5:2019 Éadaí cosanta le haghaidh úsáideoirí sábh slabhrach láimhe - Cuid 5: Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh loirgneáin chosanta (ISO 11393-5:2018)
89.	EN ISO 11393-6:2019 Éadaí cosanta le haghaidh úsáideoirí sábh slabhrach láimhe - Cuid 6: Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh cosantóirí uachtar an choirp (ISO 11393-6:2018)
90.	EN 12021:2014 Trealamh riospráide - Gáis chomhbhrúite le haghaidh gaireas análaithe
91.	EN 12083:1998 Feistí cosanta riospráide - Scagairí ag a bhfuil osáin análaithe, (Scagairí suite nach maisc iad) - Scagairí cáithníní, scagairí gáis, agus scagairí comhcheangailte - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 12083:1998/AC:2000
92.	EN 12270:2013 Trealamh sléibhteoireachta - Dingeacha - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
93.	EN 12275:2013 Trealamh sléibhteoireachta - Nascóirí - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
94.	EN 12276:2013 Trealamh sléibhteoireachta - Ancairí frithchuimilteacha - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
95.	EN 12277:2015+A1:2018 Trealamh sléibhteoireachta - Úmacha - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
96.	EN 12278:2007 Trealamh sléibhteoireachta - Ulóga - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
97.	EN ISO 12312-1:2013 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe - Spéaclaí gréine agus spéaclaí cosanta gaolmhara - Cuid 1: Spéaclaí gréine le haghaidh úsáid ghinearálta (ISO 12312-1:2013) EN ISO 12312-1:2013/A1:2015
98.	EN ISO 12312-2:2015 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe - Spéaclaí gréine agus spéaclaí cosanta gaolmhara - Cuid 2: Scagairí le haghaidh breathnóireacht dhíreach ar an ngrian (ISO 12312-2:2015)
99.	EN ISO 12401:2009 Árthach beag - Úim sábháilteachta agus líne sábháilteachta dheice - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála (ISO 12401:2009)

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
100.	EN ISO 12402-2:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 2: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 275 - Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-2:2020) Fógra: Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.
101.	EN ISO 12402-3:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 3: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 150 - Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-3:2020) Fógra: Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.
102.	EN ISO 12402-4:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 4: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 100 - Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-4:2020) Fógra: Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
103.	EN ISO 12402-5:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 5: Áiseanna snámhachta (leibhéal 50) - Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-5:2020)
104.	EN ISO 12402-6:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 6: Seaicéid tarrthála agus áiseanna snámhachta sainfheidhme - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála breise (ISO 12402-6:2020)
105.	EN ISO 12402-8:2020 Gairis snámhachta phearsanta - Cuid 8: Gabhálais - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála (ISO 12402-8:2020)
106.	EN 12477:2001 Lámhainní cosanta le haghaidh táthairí EN 12477:2001/A1:2005
107.	EN 12492:2012 Trealamh sléibhteoireachta - Clogaid le haghaidh sléibhteoirí - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
108.	EN 12841:2006 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Córais rochtana trí bhíthin téad - Gairis coigeartaithe téide
109.	EN 12941:1998 Feistí cosanta riospráide - Feistí scagtha cumhachtaithe ina bhfuil clogad nó cochall - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 12941:1998/A1:2003 EN 12941:1998/A2:2008
110.	EN 12942:1998 Feistí cosanta riospráide - Gairis scagtha cumhachtchúnta ina bhfuil maisc aghaidhe iomláine, maisc leathaghaidhe nó maisc cheathrú-aghaidhe - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 12942:1998/A1:2002 EN 12942:1998/A2:2008
111.	EN 13034:2005+A1:2009 Éadaí cosanta ar cheimiceáin leachtacha - Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ar cheimiceáin lena dtugtar feidhmíocht chosanta theoranta ar cheimiceáin leachtacha (Trealamh de Chineál 6 agus de Chineál PB [6])
112.	EN 13061:2009 Éadaí cosanta - Loirgneáin le haghaidh imreoirí sacair - Ceanglais agus modhanna tástála
113.	EN 13138-1:2021 Áiseanna snámhacha le haghaidh teagasc snámha - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála le haghaidh áiseanna snámhacha atá le caitheamh EN 13138-1:2021/AC:2022

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
114.	EN 13158:2018 Éadaí cosanta - Seaicéid chosanta, cosantóirí coirp agus guaillí le húsáid san eachaíocht, le haghaidh marcaigh capall agus iad siúd a bhíonn ag obair le capaill, agus le haghaidh tiománaithe cóiste - Ceanglais agus modhanna tástála
115.	EN 13178:2000 Cosaint súl phearsanta - Cosantóirí súl le haghaidh úsáideoirí mótair sneachta
116.	EN 13277-1:2000 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta agus modhanna tástála
117.	EN 13277-2:2000 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 2: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí dhroim na coise, cosantóirí lorga agus cosantóirí rí
118.	EN 13277-3:2013 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 3: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí stoic
119.	EN 13277-4:2001 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 4: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí cinn EN 13277-4:2001/A1:2007
120.	EN 13277-5:2002 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 5: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí ball giniúna agus cosantóirí abdómain
121.	EN 13277-6:2003 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 6: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí brollaigh do mhná
122.	EN 13277-7:2009 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 7: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí lámh agus cosantóirí cos
123.	EN 13277-8:2017 Trealamh cosanta le haghaidh ealaíona comhraic - Cuid 8: Ceanglais bhreise agus modhanna tástála breise le haghaidh cosantóirí aghaidhe le haghaidh cearáité
124.	EN 13484:2012 Clogaid le haghaidh úsáideoirí lúiseanna
125.	EN 13546:2002+A1:2007 Éadaí cosanta - Cosantóirí lámh, géag láimhe, brollaigh, abdómain, géag coise, cos agus ball giniúna le haghaidh báireoirí haca, agus cosantóirí lorga le haghaidh gnáthimreoirí - Ceanglais agus modhanna tástála

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
126.	EN 13567:2002+A1:2007 Éadaí cosanta - Cosantóirí lámh, géag láimhe, brollaigh, abdómain, géag coise, ball giniúna agus aghaidhe le haghaidh pionsóirí - Ceanglais agus modhanna tástála
127.	EN 13594:2015 Lámhainní cosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Ceanglais agus modhanna tástála
128.	EN 13634:2017 Coisbheart cosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Ceanglais agus modhanna tástála
129.	EN ISO 13688:2013 Éadaí cosanta - Ceanglais ghinearálta (ISO 13688:2013) EN ISO 13688:2013/A1:2021
130.	EN 13781:2012 Clogaid chosanta le haghaidh tiománaithe agus paisinéirí mótar sneachta agus bobshleamhnán
131.	EN 13794:2002 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe ciorcaid iata féinchuimsitheach le haghaidh éalú - Ceanglais, tástáil, marcáil
132.	EN 13832-2:2018 Coisbheart lena gcosnaítear ar cheimiceáin - Cuid 2: Ceanglais maidir le teagmháil theoranta le ceimiceáin
133.	EN 13832-3:2018 Coisbheart lena gcosnaítear ar cheimiceáin - Cuid 3: Ceanglais maidir le teagmháil fhadtréimhseach le ceimiceáin
134.	EN 13949:2003 Trealamh riospráide - Gaireas tumadóireachta féinchuimsitheach ciorcaid oscailte le húsáid le Nitrox agus ocsaigin chomhbhrúite - Ceanglais, tástáil, marcáil
135.	EN ISO 13982-1:2004 Éadaí cosanta le húsáid in aghaidh cáithníní aeriompartha soladacha - Cuid 1: Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ar cheimiceáin lena dtugtar cosaint don chorp iomlán ar cháithníní soladacha aeriompartha (éadaí de chineál 5) (ISO 13982-1:2004) EN ISO 13982-1:2004/A1:2010
136.	EN ISO 13998:2003 Éadaí cosanta - Naprúin, brístí agus veisteanna lena dtugtar cosaint ar ghearrthacha agus ar sháite ó sceana láimhe (ISO 13998:2003)
137.	EN 14021:2003 Sciatha cloiche le haghaidh gluaisrothaíocht easbhóthair atá oiriúnach chun rothaithe a chosaint ar chlocha agus smionagar - Ceanglais agus modhanna tástála

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
138.	EN 14052:2012+A1:2012 Clogaid thionsclaíocha ardfheidhmíochta
139.	EN 14058:2017 Éadaí cosanta - Baill éadaigh le haghaidh cosanta in aghaidh timpeallachtaí fionnuara
140.	EN 14120:2003+A1:2007 Éadaí cosanta - Cosantóirí chaol na láimhe, bhos na láimhe, glúine agus uillinne le haghaidh úsáideoirí trealaimh spóirt rollála - Ceanglais agus modhanna tástála
141.	EN 14126:2003 Éadaí cosanta - Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh éadaí cosanta in aghaidh oibreáin thógálacha EN 14126:2003/AC:2004
142.	EN 14143:2013 Trealamh riospráide - Gaireas tumadóireachta athanálaithe féinchuimsitheach
143.	EN 14225-1:2017 Cultacha tumadóireachta - Cuid 1: Cultacha fliucha - Ceanglais agus modhanna tástála
144.	EN 14225-2:2017 Cultacha tumadóireachta - Cuid 2: Cultacha tirime - Ceanglais agus modhanna tástála
145.	EN 14225-3:2017 Cultacha tumadóireachta - Cuid 3: Córais agus comhpháirteanna culaithe a théitear nó a fhuaraítear go gníomhach - Ceanglais agus modhanna tástála
146.	EN 14328:2005 Éadaí cosanta - Lámhainní agus gardaí láimhe lena dtugtar cosaint ar ghearrthacha ó sceana cumhachtaithe – Ceanglais agus modhanna tástála
147.	EN 14387:2004+A1:2008 Feistí cosanta riospráide - Scagairí gáis agus comhscagairí - Ceanglais, tástáil, marcáil
148.	EN 14435:2004 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe aeir chomhbhrúite ciorcaid oscailte féinchuimsitheach ag a bhfuil masc leathaghaidhe - Ceanglais, tástáil, marcáil
149.	EN 14458:2018 Trealamh súl pearsanta - Scáthláin ardfheidhmíochta atá beartaithe lena n-úsáid le clogaid chosanta, agus leo sin amháin
150.	EN ISO 14460:1999 Éadaí cosanta le haghaidh tiománaithe rásaíochta gluaisteán - Cosaint ar theas agus ar lasracha - Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála (ISO 14460:1999) EN ISO 14460:1999/AC:1999 EN ISO 14460:1999/A1:2002

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
151.	EN 14529:2005 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe aeir chomhbhrúite ciorcaid oscailte féinchuimsitheach ag a bhfuil masc leathaghaidhe atá deartha chun comhla éilimh brú dearfach a áireamh chun críoch éalaithe, agus chun na gcríoch sin amháin
152.	EN 14593-1:2005 Feistí cosanta riospráide - Gaireas análaithe líne aeir chomhbhrúite ag a bhfuil comhla éilimh - Cuid 1: Gaireas ag a bhfuil masc aghaidhe iomláine - Ceanglais, tástáil, marcáil
153.	EN 14594:2018 Feistí cosanta riospráide - Gairis análaithe líne aeir chomhbhrúite sreafa leanúnaigh - Ceanglais, tástáil, marcáil
154.	EN 14605:2005+A1:2009 Éadaí cosanta ar cheimiceáin leachtacha - ceanglais feidhmíochta le haghaidh éadaí ag a bhfuil naisc leachtobacha (Cineál 3) nó sprae-obacha (Cineál 4), lena n-áirítear earraí lena gcosnaítear codanna den chorp amháin (Cineálacha PB [3] agus PB [4])
155.	EN ISO 14877:2002 Éadaí cosanta le haghaidh oibríochtaí pléasctha scríobaigh ina n-úsáidtear scríobaigh ghráinneacha (ISO 14877:2002)
156.	EN ISO 15027-1:2012 Tumchultacha - Cuid 1: Cultacha caithimh leanúnaigh, ceanglais lena n-áirítear sábháilteacht (ISO 15027-1:2012)
157.	EN ISO 15027-2:2012 Tumchultacha - Cuid 2: Cultacha tarrthála, ceanglais lena n-áirítear sábháilteacht (ISO 15027-2:2012)
158.	EN 15090:2012 Coisbheart le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin
159.	EN 15151-1:2012 Trealamh sléibhteoireachta - Gairis coscánaithe - Cuid 1: Gairis coscánaithe ag a bhfuil glasáil lámhchuidithe, ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
160.	EN 15333-1:2008 Trealamh riospráide - Gaireas tumadóireachta gáis chomhbhrúite a sholáthraítear ón imleacán ciorcaid oscailte - Cuid 1: Gaireas éilimh EN 15333-1:2008/AC:2009
161.	EN 15333-2:2009 Trealamh riospráide - Gaireas tumadóireachta gáis chomhbhrúite a sholáthraítear ón imleacán ciorcaid oscailte - Cuid 2: Gaireas saorshreafa
162.	EN 15613:2008 Cosantóirí glúine agus uillinn le haghaidh spóirt faoi dhíon - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
163.	EN 16027:2011 Éadaí cosanta - Lámhainní ag a bhfuil éifeacht chosanta le haghaidh báireoirí sacair
164.	EN ISO 16321-1:2022 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta (ISO 16321-1:2021)
165.	EN ISO 16321-2:2021 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde - Cuid 2: Ceanglais bhreise maidir le cosantóirí a úsáidtear le linn táthaithe agus teicnící gaolmhara (ISO 16321-2:2021) Fógra: Déantar tagairt sa chaighdeán seo do thagairt normatach EN ISO 16321-1:2020, a bhfuil a dháta mícheart. Léifear é mar EN ISO 16321-1:2022 ina ionad sin.
166.	EN ISO 16321-3:2022 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde - Cuid 3: Ceanglais bhreise maidir le cosantóirí mogalra (ISO 16321-3:2021) Fógra: Déantar tagairt sa chaighdeán seo do thagairt normatach EN ISO 16321-1:2020, a bhfuil a dháta mícheart. Léifear é mar EN ISO 16321-1:2022 ina ionad sin.
167.	EN 16350:2014 Lámhainní cosanta - Airíonna leictreastatacha
168.	EN 16473:2014 Clogaid comhraiceora dóiteáin - Clogaid le haghaidh tarrtháil theicniúil
169.	EN 16716:2017 Trealamh sléibhteoireachta - Córais mála aeir maidhme sléibhe - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
170.	EN 17092-2:2020 Baill éadaigh chosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Cuid 2: Baill éadaigh Aicme AAA - Ceanglais
171.	EN 17092-3:2020 Baill éadaigh chosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Cuid 3: Baill éadaigh Aicme AA - Ceanglais
172.	EN 17092-4:2020 Baill éadaigh chosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Cuid 4: Baill éadaigh Aicme A - Ceanglais
173.	EN 17092-5:2020 Baill éadaigh chosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Cuid 5: Baill éadaigh Aicme B - Ceanglais
174.	EN 17092-6:2020 Baill éadaigh chosanta le haghaidh gluaisrothaithe - Cuid 6: Baill éadaigh Aicme C - Ceanglais
175.	EN 17109:2020 Trealamh sléibhteoireachta - Córais sábháilteachta aonair le haghaidh cúrsaí rópa - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
176.	EN ISO 17249:2013 Coisbheart sábháilteachta ag a bhfuil frithsheasmhacht ar ghearradh sáibh slabhra (ISO 17249:2013) EN ISO 17249:2013/AC:2014
177.	EN 17353:2020 Éadaí cosanta - Trealamh infheictheachta feabhsaithe le haghaidh cásanna meánriosca - Modhanna tástála agus ceanglais
178.	EN 17520:2021 Trealamh sléibhteoireachta - Láinnéir ceangail phearsanta - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála
179.	EN ISO 18527-1:2022 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe le haghaidh spóirt - Cuid 1: Ceanglais maidir le gloiní cosanta sciála le fána agus clársciála (ISO 18527-1:2021)
180.	EN ISO 18527-2:2021 Cosaint súl agus cosaint aghaidhe le haghaidh spóirt - Cuid 2: Ceanglais maidir le cosantóirí súl le haghaidh scuaise agus cosantóirí súl le haghaidh liathróide raicéid agus scuaise 57 (ISO 18527-2:2021)
181.	EN ISO 20320:2020 Éadaí cosanta atá le húsáid i gClársciáil - Cosantóirí Chaol na láimhe - Ceanglais agus modhanna tástála (ISO 20320:2020)
182.	EN ISO 20345:2022 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart sábháilteachta (ISO 20345:2021)
183.	EN ISO 20346:2014 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart cosanta (ISO 20346:2014)
184.	EN ISO 20347:2012 Trealamh cosanta pearsanta — Coisbheart ceirde (ISO 20347:2012)
185.	EN ISO 20349-1:2017 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart lena dtugtar cosaint ar rioscaí i dteilgcheártaí agus le linn táthaithe - Cuid 1: Ceanglais agus modhanna tástála chun cosaint a thabhairt ar rioscaí i dteilgcheártaí (ISO 20349-1:2017) EN ISO 20349-1:2017/A1:2020
186.	EN ISO 20349-2:2017 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart lena dtugtar cosaint ar rioscaí i dteilgcheártaí agus le linn táthaithe - Cuid 2: Ceanglais agus modhanna tástála chun cosaint a thabhairt ar rioscaí le linn táthaithe agus próisis ghaolmhara (ISO 20349-2:2017) EN ISO 20349-2:2017/A1:2020
187.	EN ISO 20471:2013 Éadaí sofheicthe - Modhanna tástála agus ceanglais (ISO 20471:2013, Leagan ceartaithe 2013-06-01) EN ISO 20471:2013/A1:2016

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
188.	EN ISO 27065:2017 Éadaí cosanta - Ceanglais feidhmíochta le haghaidh éadaí cosanta a chaitheann oibreoirí agus lotnaidicídí á gcur síos acu agus le haghaidh oibrithe athiontrála (ISO 27065:2017) EN ISO 27065:2017/A1:2019
189.	EN 50321-1:2018 Oibriú beo - Coisbheart le haghaidh cosaint leictreach - Coisbheart inslithe agus forbhuataisí EN 50321-1:2018/AC:2018-08
190.	EN 61482-2:2020 Oibriú beo - Éadaí cosanta ar ghuaiseanna teirmeacha stua leictrigh - Cuid 2: Ceanglais (IEC 61482-2:2018, Modhnaithe)

IARSCRÍBHINN II

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
1	EN 143:2000 Feistí cosanta riospráide - Scagairí cáithníní - Ceanglais, tástáil, marcáil EN 143:2000/AC:2005 EN 143:2000/A1:2006	9.6.2024
2	EN 166:2001 Cosaint súl phearsanta – Sonraíochtaí	11.11.2024
3	EN 169:2002 Cosaint súl phearsanta - Scagairí le haghaidh táthú agus teicnící gaolmhara - Teicnicí tarchuir agus úsáid mholta	11.11.2024
4	EN 170:2002 Cosaint súl phearsanta - Scagairí ultraivialaite - Ceanglais tharchuir agus úsáid mholta	11.11.2024
5	EN 172:1994 Cosaint súl phearsanta - Scagairí in aghaidh dhalladh na gréine le haghaidh úsáid thionsclaíoch EN 172:1994/A1:2000 EN 172:1994/A2:2001	11.11.2024
6	EN 174:2001 Cosaint súl phearsanta - Gloiní sciála le haghaidh sciáil le fána	11.11.2024
7	EN 352-1:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 1: Cosaintí Cluas	21.7.2024
8	EN 352-2:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 2: Plugaí cluaise	21.7.2024
9	EN 352-3:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 3: Cosaintí cluas agus iad ceangailte de chlogad tionsclaíoch sábháilteachta	21.7.2024
10	EN 352-4:2001 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 4: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime EN 352-4:2001/A1:2005	21.7.2024
11	EN 352-5:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 5: Cosaintí cluas um laghdú gníomhach torann EN 352-5:2002/A1:2005	21.7.2024

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
12	EN 352-6:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 6: Cosaintí cluas maille le hionchur fuaime leictreach	21.7.2024
13	EN 352-7:2002 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 7: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime	21.7.2024
14	EN 352-8:2008 Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 8: Cosaintí cluas ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta	21.7.2024
15	EN 379:2003+A1:2009 Cosaint súl phearsanta - Scagairí táthaithe uathoibríocha	11.11.2024
16	EN 1731:2006 Cosaint súl phearsanta - Cosantóirí mogalra súl agus aghaidhe	11.11.2024
17	EN ISO 13688:2013 Éadaí cosanta - Ceanglais ghinearálta (ISO 13688:2013)	9.6.2024
18	EN ISO 20345:2011 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart sábháilteachta (ISO 20345:2011)	11.11.2024